



Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh:

Beartas agus Straitéis maidir le
Scannáin 2018

Cur Síos Ginearálta agus Comhthéacs

Is é an ról atá ag an gComhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt do scannáin mar fhoirm ealaíne agus tá páirt lárnach aici i soláthar bonneagair náisiúnta do chultúr na scannán in Éirinn. Tá sí dírithe ar aisteoirí agus lucht féachana a chur ar fáil agus a fhorbairt do thionscal na scannán cultúrtha. Tá ról scoite ag an gComhairle Ealaíon atá éagsúil ón ról atá ag Bord Scannán na hÉireann, a oibríonn chun tionscal scannán na hÉireann a fhorbairt. Comhlánaíonn sé ról RTÉ, TG4 agus Údarás Craolacháin na hÉireann sa réimse a bhaineann le léiriú teilifíse, agus ar aon líne leis an gClár Éire Ildánach. Oibríonn an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara sa réimse d'fhonn scannánaíocht agus deiseanna taispeántais a uasmhéadú, agus freastal dá réir sin ar ealaíontóirí agus ar an bpobal araon.

In [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh](#), aithníonn an Chomhairle Ealaíon dhá réimse tosaíochta beartais: [an t-ealaíontóir](#) agus [rannpháirtíocht an phobail](#). D'fhonn na réimsí tosaíochta sin a chur ar fáil i scannáin, glacfaidh an Chomhairle an cur chuige seo a leanas sna trí bliana seo romhainn.

Scannánóirí

I dtéarmaí ealaíontóirí, tá spéis ag an gComhairle Ealaíon thar aon ní eile timpeallacht a chruthú ina bhfuil an tsaoirse chruthaitheach ag scannánóirí saothar turgnamhach agus/nó neamh-scéalaíochta a dhéanamh, agus tugtar deiseanna dóibh saothar ard-chruthaitheach a dhéanamh d'ardáin taispeántais agus craolacháin i dtionscal na scannán. Déanann an Chomhairle Ealaíon é sin trí thacaíocht a thabhairt d'aisteoirí go díreach agus go hindíreach.

Is féidir le scannánóirí leas a bhaint as tacaíochtaí díreacha trí [Dámhachtainí Ealaíontóirí](#) agus [Scéimeanna scannán](#) na Comhairle Ealaíon. Tá an [Dámhachtain do Thionscadal Scannán](#) ceaptha chun deis a thabhairt do lucht scannán saothar turgnamhach a dhéanamh, áit ina bhfuil scéimeanna scannán, a thairgtear i gcomhpháirtíocht le rudaí eile, ceaptha chun tacú le healaíontóirí saothar thar a bheith cruthaitheach a dhéanamh le taispeáint agus le craoladh ag féilte. Tugann an Chomhairle Ealaíon deiseanna freisin d'ealaíontóirí a gcleachtas a fhorbairt trína [sparánachtaí](#) scannán agus an [dámhachtain taistil agus oiliúna](#) agus a [Ealaíontóir Scannán Cónaithe](#), a thairgtear i gcomhpháirtíocht le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht don bhonneagar riachtanach a theastaíonn chun cultúr na scannán a choimeád agus a fhorbairt in Éirinn trína [Maoiniú Straitéiseach](#) do phríomheagraíochtaí a sholáthraíonn géar-ardáin taispeántais agus deiseanna forbartha cruthaithí d'ealaíontóirí atá ag obair i gcúrsaí scannán.

Agus í ag tabhairt breis tacaíochta d'ealaíontóirí, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na nithe seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Ceapfaidh sé scéim nua maoinithe chun tacú le saothair scannán cultúrtha le taispeáint i bpictiúrlanna.
- Déanfaidh sí athbhreithniú ar thacaíochtaí ealaíontóirí agus tabharfaidh sí faoi anailís ar riachtanais d'fhonn tacaíochtaí iomchuí agus stuama a shainaithint agus a chur i bhfeidhm do scannánóirí.

- Féachfaidh sí le deiseanna taispeántais níos mó a chur ar fáil i bpictiúrlanna do shaothar aisteoirí.
- Féachfaidh sí le deiseanna reatha maoinithe a shaothrú, agus aon chinn nua a d'fhéadfadh a bheith ar fáil trí Éire Ildánach agus cláir eile, d'aisteoirí.

Rannpháirtíocht an Phobail agus Scannáin

Sa réimse a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail, tá spéis ag an gComhairle Ealaíon deiseanna a thabhairt do lucht féachana taithí a fháil ar an cineama cultúrtha agus a bheith ag gabháil do chultúr na scannán. Déanann an Chomhairle Ealaíon soláthar do lucht féachana an cineama chultúrtha, agus tacaíonn sí le forbairt an lucht féachana sin, ar bhonn náisiúnta trína **Maoiniú Straitéiseach** do raon eagraíochtaí sceidealaithe scannán. Tríd an obair a dhéanann na heagraíochtaí sin tugtar rochtain don phobal ar raon éagsúil cineama nach mbeadh ar fáil dó murach sin, agus tugtar deiseanna dó páirt chriticiúil a ghlacadh i gcultúr na scannán agus a bheith ag gabháil don scannánaíocht mar fhoirm ealaíne.

Agus rannpháirtíocht an phobail á forbairt tuilleadh, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Oibreoidh sí le heagraíochtaí chun deiseanna níos mó a fhorbairt do lucht féachana ionas go bhfaighidh siad taithí ar an cineama cultúrtha (lena n-áirítear trí iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha nua taispeántais agus ardthaispeántais dhigiteacha) agus tabharfaidh sí deiseanna níos fearr chun plé criticiúil a dhéanamh ar scannáin agus cultúr na scannán.
- Ionchorpróidh sí tacaíocht taispeántais ina cuid dámhachtainí scannán ionas go bhfaighidh scannánóirí a gheobhaidh maoiniú ón gComhairle Ealaíon tacaíocht thiomnaithe bhreise chun dul i gcion ar lucht féachana agus oibriú leo.
- Ionchorpróidh sí tacaíocht do thráchtairacht fuaime agus teidealú oscailte ina dámhachtainí scannán, de réir mar is cuí, ionas go mbeidh rochtain ag lucht féachana faoi mhíchumas ar shaothar scannánóirí.
- Leanfaidh sí ag obair le heagraíochtaí chun tacú le forbairt bhreise deiseanna do phobail ar leith taithí a fháil ar an cineama cultúrtha agus dul i ngleic le cultúr na scannán.

Réimsí Forbartha a Bhaineann go Sonrach le Scannáin

Bíonn tionchar ag raon saincheistanna eile a bhfuil ábharthacht straitéiseach ar leith acu do scannáin ar an réimse do scannánóirí agus lucht féachana i gcoitinne.

Le blianta beaga anuas, chuir forbairt na teicneolaíochta digití athrú ó bhonn ar an gcaoi a léirítear, a dháiltear, a thaispeántar agus a ndéantar cartlannú ar scannáin. Tá an cineama digiteach agus teicneolaíochtaí cartlannaithe ag forbairt de shíor agus teastaíonn infheistiúocht chaipitiúil uathu go leanúnach.

Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Beidh sí ar a dícheall ag iarraidh go gcuirfí maoiniú caipitil ar fáil le hinfheistiú i léiriú digiteach agus i dteicneolaíocht caomhnaithe sa cineama sin nach bhfuil beann aige ar bhrabús agus in ionaid a mbíonn cineama cultúrtha ar a sceideal acu agus a dhéanann cartlannú ar scannáin Éireannacha.

Tá an Chomhairle Ealaíon ar cheann de roinnt dreamanna a bhfuil dualgas reachtúil uirthi tacú le hábhar closamhairc a dhéanamh.

Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

Leanfaidh sí ag forbairt comhpháirtíochtaí straitéiseacha le príomhimreoirí – TG4, RTÉ, BSÉ, ÚCÉ agus Éire Ildánach – chun deiseanna a chruthú d’aisteoirí chun saothar a dhéanamh agus do lucht féachana an saothar sin a rochtain. Leis sin caithfear meamraim thuisceana a fhorbairt idir an Chomhairle Ealaíon agus gníomhaireachtaí eile, de réir mar is cuí.

Réimsí Eile as *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* ina bhfuil Leas Straitéiseach ag Scannáin

Sa réimse a bhaineann le spás agus déimeagrafaic, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Cinnteoidh sí go mbeidh raon éagsúil cineama ar fáil do lucht féachana go náisiúnta, agus beidh sí airdeallach agus freagrúil do shamhlacha nua taispeántais agus ag obair chun maoiniú caipitiúil a bhaint amach le haghaidh bonneagar cultúrtha-cineama.

Sa réimse a bhaineann le daoine óga, leanaí agus oideachas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Leanfaidh sí ag tabhairt tacaíochta do chláir oideachais agus taispeántais scannán eagraíochtaí reatha.
- Oibreoidh sí le heagraíochtaí scannán ábhartha chun samhlacha inbhuanaithe a shainaithint agus a chur i bhfeidhm a thabharfaidh deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga taithí a fháil ar scannáin agus ar chultúr na scannán, agus é a iniúchadh agus a thuiscint.

Sa réimse idirnáisiúnta, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Beidh sí airdeallach agus freagrúil d’athruithe sa timpeallacht scannán i gcoitinne, go háirithe na rudaí sin (e.g. Brexit) a mbeidh tionchar acu ar scannánóirí agus ar lucht féachana cultúrtha cineama, agus leanfaidh sí ag obair le heagraíochtaí agus ag tacú leo tríd athrú den sórt sin.